PARLAIMINT NA HEORPA: AN CAIDREAMH LEIS NA PARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA

Mar thoradh ar ghluaiseachtaí i dtreo lánpháirtiú Eorpach níos dlúithe, tá athrú tagtha ar ról na bparlaimintí náisiúnta. Tugadh isteach roinnt ionstraimí le haghaidh comhar idir Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta d'fhonn grinnscrúdú daonlathach éifeachtach ar an reachtaíocht Eorpach a ráthú ar gach leibhéal. Treisíodh leis an treocht sin le forálacha a tugadh isteach le Conradh Liospóin.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 12 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Prótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach.

CUSPÓIRÍ

A. An réasúnaíocht is bun leis an gcomhar

Is chuid de phróiseas an lánpháirtithe Eorpaigh é féin é freagrachtaí a bhíodh á bhfeidhmiú ag rialtais náisiúnta go dtí seo a aistriú chuig institiúidí comhpháirteacha a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta acu, rud a laghdaíonn ról na bparlaimintí náisiúnta (PNanna) mar reachtóirí, mar údaráis bhuiséadacha agus mar chomhlachtaí atá freagrach as grinnscrúdú a dhéanamh ar an bhfeidhmeannas. Cé gurbh ar an gComhairle ar dtús a bhí roinnt de na freagrachtaí a aistríodh ón leibhéal náisiúnta chuig leibhéal AE, tá ról iomlán parlaiminteach bainte amach ag Parlaimint na hEorpa de réir a chéile.

— Measann na PNanna anois gur féidir le grinnscrúdú níos éifeachtaí ar ghníomhaíochtaí AE a rialtas féin agus caidreamh níos dlúithe le PE cur leis an tionchar a imríonn siad ar cheapadh beartas AE agus, ag an am céanna, a áirithiú go mbeidh AE tógtha ar phrionsabail dhaonlathacha.

— Ó thaobh PE de, is é an dearcadh a bhíonn aici de ghnáth ná go gcuideodh dlúthchaidreamh leis na PNanna lena dlisteanacht a dhaingniú agus AE a thabhairt níos cóngaraí dá cuid saoránach.

B. Comhthéacs an chomhair á fhorbairt i gcónaí

Tháinig laghdú ar ról na bparlaimintí náisiúnta i dtús báire de réir mar a chuaigh an lánpháirtiú Eorpach ar aghaidh: tá méadú tagtha ar chumhachtaí AE agus cuireadh lena réimsí inniúlachta, chomh maith leis sin is í an vótáil trí thromlach a chleachtar sa Chomhairle anois agus cuireadh le cumhachtaí reachtacha PE freisin.

Go dtí 1979, bhí nasc orgánach idir PE agus na PNanna, mar gur laistigh de na PNanna a cheaptaí na FPEnna. Nuair a tugadh isteach toghcháin dhíreacha chuig PE briseadh an nasc sin agus ar feadh tuairim is 10 mbliana chuaigh an caidreamh sin i laghad, go dtí gur bheag nár imigh sé i léig go huile is go hiomlán. Tháinig sé chun solais tar éis 1989 go raibh gá leis an gcaidreamh sin a athbhunú: reáchtáladh cainteanna agus tosaíodh ar naisc nua a bhunú a thiocfadh in ionad na nasc orgánach sin a bhíodh ann ag an tús. Bhí Conradh Maastricht ina chuidiú leis an iarracht sin sa mhéid gur tiomnaíodh dhá cheann dá dhearbhuithe (Uimh. 13 agus 14) don ábhar, ar dearbhuithe iad lenar foráladh go háirithe dóibh seo a leanas:

— Aitheantas ceart a thabhairt do ról na PNanna i bhfeidhmiú an Aontais Eorpaigh (ní mór dá rialtais faoi seach iad a chur ar an eolas 'in am trátha' faoi thograí reachtacha Eorpacha agus ní mór comhdhálacha comhpháirteacha a reáchtáil i gcás inar gá);

— Comhar níos dlúithe idir PE agus na PNanna, i bhfoirm idirchaidreamh níos córasaí, malartuithe faisnéise, cruinnithe rialta agus, b'fhéidir, saoráidí cómhalartacha a dheonú.

De bhreis air sin, de réir a chéile, fuair na PNanna cumhachtaí grinnscrúdaithe ar ghníomhaíochtaí AE a rialtas féin mar thoradh ar leasuithe bunreachtúla, gealltanais rialtais, athruithe ar a modhanna feidhmiúcháin féin agus léirmhíniú ar rialacha bunreachtúla náisiúnta arna n-eisiúint ag cúirteanna bunreachtúla i gcuid de na Ballstáit. Bhí ról tábhachtach sna forbairtí sin ag a gcoistí a bhfuil gnóthaí Eorpacha de shainchúram orthu, i gcomhar le PE.

Leis an bprótacal maidir le ról na PNanna a ghabhann le Conradh Amstardam, spreagadh rannpháirtíocht níos mó i ngníomhaíochtaí AE i measc na PNanna agus ceanglaíodh doiciméid chomhairliúcháin agus tograí a chur go pras faoi bhráid PNanna ionas go bhféadfadh na PNanna iad a bhreithniú sula nglacfadh an Chomhairle cinneadh ina leith. Bhí ról tábhachtach ag na PNanna sa phlé a reáchtáladh sa Choinbhinsiún maidir le Todhchaí na hEorpa (1.1.4), agus b'ábhar ceann amháin de 11 mheitheal an Choinbhinsiúin iad. I mí na Bealtaine 2006, d'aontaigh an Coimisiún gach togra agus páipéar comhairliúcháin nua a chur ar aghaidh chuig na PNanna. Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, tá an 't-idirphlé polaitiúil' seo anois ina cheanglas dlíthiúil ar an gCoimisiún. Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tugtar an ceart do na PNanna raon níos leithne faisnéise a fháil ó na hinstitiúidí Eorpacha, ar a bhfuil sé de cheangal gach dréachtghníomh reachtach a chur ar aghaidh chuig na PNanna agus fógra a thabhairt dóibh maidir le hiarratais ar aontachas le AE. Le Conradh Liospóin cuireadh tuilleadh le ról na PNanna trína ndéanamh páirteach sna nósanna imeachta trína ndéantar athbhreithniú ar na Conarthaí agus sna sásraí meastóireachta lena gcuirtear beartais AE chun feidhme i réimsí an cheartais, na saoirse agus na slándála. Chomh maith leis sin, cuireadh an comhar idirpharlaiminteach idir PNanna agus PE ar bhonn foirmiúil i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta in AE.

De bhreis air sin, le Conradh Liospóin, cuireadh go mór le ról na PNanna i bpróiseas reachtach AE trí shásra luathrabhaidh (EWM) a thabhairt isteach, i.e. sásra lena gcuirtear ar chumas na PNanna a sheiceáil an bhfuil tograí reachtacha i gcomhréir le

prionsabal na coimhdeachta (Prótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach agus Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm). Laistigh d'ocht seachtaine ó dháta tíolactha togra reachtaigh, féadfaidh PNanna tuairim réasúnaithe a chur chuig Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ina sonraítear an chúis, dar leo, nach gcomhlíontar prionsabal na coimhdeachta leis an dréacht lena mbaineann. Is féidir tograí reachtacha ón gCoimisiún a bhlocáil má theastaíonn sé sin ó thromlach na dtithe parlaiminte. Is é an t-údarás reachtach (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle), áfach, a ghlacann an cinneadh deiridh (1.2.2). Cuireadh an sásra sin sa siúl trí huaire ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm: i mí na Bealtaine 2012, i ndáil leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le feidhmiú an chirt chun gníomhaíocht chomhchoiteann a ghlacadh laistigh de chomhthéacs na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar ('Monti II')[1], i mí Dheireadh Fómhair 2013 i ndáil leis an togra le haghaidh rialachán maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh[2] a bhunú, agus i mí na Bealtaine 2016 i ndáil le togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le hOibrithe ar Postú[3]. Chomh maith leis sin, tá airteagail nua sa Chonradh lena dtugtar soiléiriú ar ról na PNanna i leagan amach institiúideach AE (Airteagail 10 agus 12 CAE).

Ó thosaigh géarchéim an fhiachais cheannasaigh in AE i mí an Mhárta 2010, leis an ról a bhí ag parlaimintí náisiúnta an limistéir Euro i ndaingniú agus i leasú na bpacáistí tarrthála airgeadais tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le dlúthchomhar agus malartuithe leanúnacha faisnéise idir na PNanna agus PE. Le hAirteagal 13 den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2013, déantar foráil maidir le comhar sonrach idir na PNanna agus PE i bhfeidhmiú na formhaoirseachta parlaimintí i réimsí an rialachais eacnamaíoch agus an rialachais airgeadais.

A BHFUIL BAINTE AMACH: IONSTRAIMÍ COMHAIR

A. Comhdhálacha spéiceirí thionóil pharlaiminteacha an Aontais Eorpaigh

Tar éis cruinnithe in 1963 agus 1973, tugadh na comhdhálacha isteach ar bhonn foirmiúil in 1981. Is iad uachtaráin na PNanna agus Uachtarán PE a thagann le chéile sna comhdhálacha, agus reáchtáladh iad gach dara bliain ar dtús. Ullmhaítear iad ag cruinnithe na n-ardrúnaithe agus cuirtear fóram ar fáil leo chun plé mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhar idir na PNanna agus PE. Le blianta beaga anuas, tháinig na huachtaráin le chéile gach bliain. Ó 1995 i leith, tá PE tar éis dlúthchaidreamh a choimeád le parlaimintí na dtíortha comhlacha agus

[1]Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle maidir le feidhmiú an chirt chun gníomhaíocht chomhchoiteann a ghlacadh laistigh de chomhthéacs na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar (COM(2012)0130).
[2]Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le hOifig Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú (COM(2013) 0534).
[3]Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (COM(2016)0128).

iarrthacha. Tháinig Uachtarán PE agus uachtaráin pharlaimintí na dtíortha sin le chéile go rialta chun straitéisí aontachais agus nithe ábhartha eile a phlé.

B. ECPRD

Leis an 'mórchomhdháil' a reáchtáladh i Vín in 1977, cuireadh ar bun an Lárionad Eorpach um Thaighde agus Doiciméadú Parlaiminteach (ECPRD). Gréasán seirbhísí doiciméadaithe agus taighde atá sa Lárionad, a oibríonn i ndlúthchomhar lena chéile chun rochtain ar fhaisnéis a éascú (lena n-áirítear bunachair sonraí náisiúnta agus Eorpacha) agus taighde a chomhordú chun dúbailt oibre a sheachaint. Láraíonn an Lárionad taighde agus scaipeann sé torthaí agus tá suíomh gréasáin cruthaithe aige chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise. Le heolaire an Lárionaid, cuidítear le ranna taighde i bparlaimintí na mBallstát dul i gcomhairle le chéile. Is iad PE agus Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa a riarann an Lárionad i gcomhar lena chéile. Tá sé comhdhéanta de pharlaimintí Bhallstáit AE agus de Chomhairle na hEorpa, agus féadfaidh parlaimintí na stát a bhfuil stádas breathnóra acu sa Tionól Parlaiminteach úsáid a bhaint as a sheirbhísí freisin.

C. Comhdháil Pharlaimintí an Chomhphobail

Cuireadh an coincheap seo ar bun i bhfoirm phraiticiúil sa Róimh in 1990, faoin ainm 'European assizes' ['seisiúin Eorpacha']. Is é an t-ábhar a bhain leo ná 'todhchaí an Chomhphobail; na himpleachtaí, don Chomhphobal agus do na Ballstáit, a bhaineann le tograí maidir le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Aontas Polaitiúil agus, go háirithe, ról na bparlaimintí náisiúnta agus Pharlaimint na hEorpa'. Bhí 258 rannpháirtí páirteach sa chomhdháil, 173 dhuine acu ó na PNanna agus 85 dhuine ó PE. Níor reáchtáladh cruinniú den chineál sin arís ó shin.

D. An Chomhdháil de na Coistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais de chuid Pharlaimintí an Aontais Eorpaigh — COSAC

Ba é Uachtarán Thionól Náisiúnta na Fraince a chéadmhol an chomhdháil agus reáchtáladh í gach sé mhí ó 1989 i leith. Tugtar le chéile inti coistí um ghnóthaí AE sna PNanna agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. I gcruinnithe na Comhdhála déanann seisear Comhaltaí ionadaíocht ar gach ceann de na parlaimintí. Is í parlaimint na tíre a bhfuil uachtaránacht an Aontais aici a thionólann an Chomhdháil agus ullmhaíonn PE agus parlaimintí 'thriúracht' na huachtaránachta í gcomhpháirt lena chéile. Pléitear mórábhair a bhaineann le lánpháirtiú na hEorpa ag gach ceann de na comhdhálacha. Ní comhlacht cinnteoireachta é COSAC ach comhlacht comhairliúcháin agus comhordúcháin parlaiminteach ina nglactar cinntí de chomhthoil. Luaitear go sonrach sa Phrótacal maidir le ról na PNanna san Aontas Eorpach go bhfeadfaidh COSAC aon tuairim a mheasann sé a bheith iomchuí a chur faoi bhráid institiúidí AE. Níl tuairimí COSAC ceangailteach ar na PNanna ar aon bhealach, áfach, agus ní dochar iad na tuairimí sin dá seasamh.

E. Comhchruinnithe Parlaiminteacha

Bunaithe ar an taithí ón gCoinbhinsiún Eorpach, bhí na comhaltaí ó PE agus ó na PNanna araon den tuairim go mbeadh sé níos ciallmhaire buanfhóram a bhunú le haghaidh comhar polaitiúil chun aghaidh a thabhairt ar ábhair áirithe. Dá bharr sin, ó 2005 i leith, reáchtáil Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí de na

parlaimintí náisiúnta comhchruinnithe parlaminteacha chun déileáil le saincheisteanna tábhachtacha a dhéanann difear do pharlaimintí i gcomhthéacs cheapadh beartas AE agus fhorbairt institiúidí AE.

F. Ionstraimí comhair eile

Téann formhór bhuanchoistí PE i gcomhairle leis na coistí ábhartha náisiúnta trí chruinnithe déthaobhacha nó iltaobhacha agus trí chuairteanna ó chathaoirligh agus ó rapóirtéirí.

Tá an teagmháil idir grúpaí polaitiúla PE agus a macasamhla sna PNanna tar éis forbairt ag rátaí éagsúla ag brath ar an tír nó ar an bpáirtí polaitiúil atá i gceist.

Tá forbairt ag teacht ar an gcomhar riaracháin i bhfoirm sealanna oiliúna i bParlaimint na hEorpa agus malartuithe oifigeach. Tá formhór oifigí ionadaithe na PNanna lonnaithe san fhoirgneamh céanna de chuid PE ina bhfuil an Stiúrthóireacht um an gCaidreamh le Parlaimintí Náisiúnta. Tá tábhacht níos mó agus níos mó ag baint le malartú faisnéise maidir le hobair pharlaiminteach, go háirithe maidir le reachtaíocht, agus bíonn sé sin ag brath ar theicneolaíocht faisnéise nua-aimseartha, amhail an gréasán idirlíon-bhunaithe IPEX, atá cúltacaithe ag ardán leictreonach malartaithe sonraí agus cumarsáide

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

An 19 Aibreán 2018, ghlac PE rún maidir le cur chun feidhme fhorálacha an Chonartha i ndáil le parlaimintí náisiúnta[4], ina dtugann sí le fios go bhfuil dea-fheidhmiú bunreachtúil an Aontais Eorpaigh á fheabhsú ag PNanna agus tá siad ag rannchuidiú go gníomhach leis, agus ar an gcaoi sin go bhfuil siad ag foráil don iolrachas méadaithe agus do dhlisteanacht dhaonlathach. Aithníonn sí freisin gurb í 'bunchloch ról na dtithe parlaiminte náisiúnta san Aontas Eorpach' fós cuntasacht na rialtas náisiúnta do na parlaimintí náisiúnta. Cé go meabhraíonn PE gurbh annamh a úsáideadh EWM ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, tá sí den tuairim go bhféadfaí é a athchóiriú laistigh de chreat reatha an Chonartha. I dtaca leis sin, iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach 'tréimhse fógra theicniúil' a chur chun feidhme chun am breise a dheonú idir an dáta ar a bhfaigheann na PNanna dréachtghníomhartha reachtacha agus an dáta ar a dtosaíonn an tréimhse ocht seachtaine. De bhreis air sin, tacaíonn PE leis an bhféidearthacht go gcuirfeadh PNanna tograí cuiditheacha faoi bhráid an Choimisiún d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar an díospóireacht Eorpach agus ar chumhacht tionscnaíochta an Choimisiúin. Ar deireadh, cuireann sí roinnt moltaí ar aghaidh atá dírithe ar neartú na n-ionstraimí comhair atá ann faoi láthair idir PE agus PNanna.

Eeva Pavy
02/2020

[4]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2018 maidir le cur chun feidhme fhorálacha an Chonartha i dtaca le parlaimintí náisiúnta (2016/2149(INI)) (P8_TA(2018)0186).